# Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta a fhorbairt.

Nollaig 2022

# An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ ........ - 1 -

CUID A HAON: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ........ - 2 -

**Cur chuige modheolaíoch** ........ **- 2 -**

**Freagraí comhairliúcháin** ........ **- 3 -**

CUID A DÓ: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN ........ - 4 -

**Scóip agus struchtúr na sonraíochta seo** ........ **- 4 -**

**Scileanna a fhorbairt agus foghlaim chomhoibríoch** ........ **- 6 -**

**Acmhainní agus cumas** ........ **- 7 -**

**Measúnú Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta.** ........ **- 8 -**

**Tráchtanna ábhartha eile** ........ **- 10 -**

CUID A TRÍ: PRÍOMHTHORTHAÍ D'FHORBAIRT ÁBHAIR ........ - 11 -

**Scóip agus struchtúr** ........ **- 11 -**

**Deiseanna le haghaidh forbairt scileanna agus foghlaim chomhoibríoch:** ........ **- 11 -**

**Measúnú** ........ **- 11 -**

TÁTAL AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ........ - 12 -

TAGAIRTÍ ........ - 13 -

AGUISÍN A ........ - 14 -

# Réamhrá

Chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta mar ghné níos leithne d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí, foilsíodh Cáipéis eolais agus treoir d'fhorbairt Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta. D'fhaomh an Chomhairle le haghaidh comhairliúcháin an Cháipéis Eolais seo ar an 16 Meitheamh 2022 agus bhí an comhairliúchán poiblí ar bun ón 5 Meán Fómhair go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2022.

Tugtar léargas sa Cháipéis Eolais ar an gcomhthéacs reatha ina bhfuil forbairt Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta don AT ar bun. Pléitear ansin stair agus sainmhínithe léann na drámaíochta, na scannán, agus na hamharclannaíochta. Breathnaítear ann freisin ar áit léann na drámaíochta, na scannán agus na hamharclannaíochta i gcuraclam bunscoile agus iar-bhunscoile na hÉireann, chomh maith le deiseanna breisoideachais agus ardoideachais. Sa cháipéis seo, tá léargas ar oideachas na drámaíochta, na scannán agus na hamharclannaíochta go hidirnáisiúnta agus léirítear an chaoi a gcuirtear an réimse curaclaim seo ar fáil i réimse de dhlínsí éagsúla sula bpléitear, mar fhocal scoir, roinnt ceisteanna a aithníodh i gcomhthéacs ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu i bhforbairt sonraíochta nua do Léann Drámaíochta, Scannán agus Amharclannaíochta na hArdteistiméireachta. Ar deireadh, leagtar amach ann an páipéar treorach d'fhorbairt churaclam Léann Drámaíochta, Scannán agus Amharclannaíochta na hArdteistiméireachta.

Ba é aidhm an chomhairliúcháin don Cháipéis Eolais ná tuairimí páirtithe leasmhara a lorg maidir leis na smaointe agus ceisteanna a leagadh amach ar mhaithe le heolas a dhéanamh d'obair na Meithle Forbartha maidir le sonraíocht a fhorbairt do Léann Drámaíochta, Scannán agus Amharclannaíochta na hArdteistiméireachta.

Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar an bpróiseas comhairliúcháin, agus tugtar achoimre ansin ar an aiseolas a fuarthas, agus fiosraítear príomhthorthaí an chomhairliúcháin d'obair na Meithle Forbartha agus iad ag déanamh dul chun cinn sa phlé maidir le sonraíocht nua a fhorbairt do Léann Drámaíochta, Scannán, agus Amharclannaíochta na hArdteistiméireachta.

# Cuid a haon: An Próiseas comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022). Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2019) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige modheolaíoch

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist le linn an chomhairliúcháin 8 seachtaine don Cháipéis Eolais agus Treoir maidir le forbairtLéann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa
- Grúpaí fócais ar mhaithe le tuiscint a fháil ar dhearcthaí scoláirí, lena n-áirítear rannpháirtíocht le scoláirí dara leibhéal agus mic léinn tríú leibhéal.

Baineadh úsáid as cur chuige féinshamplála don suirbhé ar líne, aighneachtaí scríofa, agus seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa ar líne. Lorgaíodh, trí ghlaoch oscailte do gach scoil, léirithe spéise chun tacú le gné ghuth an scoláire den chomhairliúchán agus roghnaíodh go randamach ó liosta iarrthóirí na scoileanna rannpháirteacha. Bailíodh dearcthaí scoláirí dara leibhéal agus mic léinn tríú leibhéal trí na grúpaí fócais freisin. D'éascaigh an suirbhé agus na haighneachtaí scríofa bailiú na sonraí ó shampla mór ionadaíoch de fhreagróirí, agus chuir imeachtaí aghaidh ar aghaidh deis ar fáil le haghaidh plé agus fiosrú níos cuimsithí maidir le ceisteanna a raibh machnamh le déanamh orthu.

Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile a bhí faoi bhun 18 mbliana. Rinneadh taifeadadh scríofa mionsonraithe de na seisiúin plé ar fad le linn grúpaí fócais agus cuairteanna scoile. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na grúpaí fócais agus cuairteanna scoile a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán faoi mar a liostaítear in Aguisín A.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí agus rinneadh é de réir na gceisteanna le cuimhneamh orthu faoi mar a leagadh amach sa Cháipéis Eolais. Chabhraigh sé seo chun na téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gCuid a dó den tuarascáil seo.

## Freagraí comhairliúcháin

Rinneadh ceithre ghrúpa fócais a reáchtáil ar bhonn réigiúnach i mBaile Átha Cliath (2), i gCorcaigh (1) agus i nGaillimh (1). Ghlac 24 duine ar múinteoirí iar-bhunscoile, léachtóirí tríú leibhéal agus ionadaithe tionscail iad páirt sna grúpaí fócais seo.

Fuarthas 50 freagra tríd an suirbhé ar líne agus rinneadh iad seo a chur sna grúpaí seo a leanas:

**Tábla 1: Rannpháirtithe i Suirbhé ar Líne**

| Sonraí an rannpháirtí | Líon* |
|---|---|
| Múinteoir iar-bhunscoile | 11 |
| Múinteoir réamhsheirbhíse | 0 |
| Éascaitheoir drámaíochta | 6 |
| Speisialtóir amharclannaíochta | 2 |
| Speisialtóir scannán | 6 |
| Múinteoir bunscoile | 0 |
| Príomhoide / leas-phríomhoide | 1 |
| Scoláire dara leibhéal | 19 |
| Mac léinn tríú leibhéal | 6 |
| Tuismitheoir / caomhnóir | 2 |
| Oideoir múinteoirí | 2 |
| Léachtóir / taighdeoir tríú leibhéal | 4 |
| Eile | 7 |

*Sna cásanna inar aithníodh i níos mó ná catagóir amháin rannpháirtithe, liostaíodh i ngach ceann acu iad.

Thacaigh ceithre scoil le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán agus rinneadh 8 ngrúpa fócais le scoláirí san Idirbhliain, sa chúigiú bliain, agus sa séú bliain. Ghlac 77 scoláire san iomlán páirt i ngné ghuth an scoláire dara leibhéal den chomhairliúchán. Fuarthas dearcthaí ochtar daoine eile trí rannpháirtíocht bhreise le mic léinn tríú leibhéal.

Fuarthas 11 aighneacht scríofa san iomlán agus tá siad liostaithe in Aguisín A.

# Cuid a dó: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo, tá léargas ar thorthaí an chomhairliúcháin. Dhírigh an comhairliúchán ar na ceisteanna a fhiosrú a bhfuil machnamh le déanamh orthu de réir na Cáipéise Eolais do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta (lgh 24-25):

- Scóip agus struchtúr na sonraíochta seo
- Forbairt scileanna agus foghlaim chomhoibríoch
- Acmhainní
- Acmhainneacht
- Measúnú Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta.

Léirítear réimsí eile nach ndearnadh comhairliúchán ina dtaobh ach ar shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán iad a bheith ábhartha d'fhorbairt an ábhair sa chuid seo freisin.

## Scóip agus struchtúr na sonraíochta seo

Fáiltíodh go croíúil roimh an ábhar nua seo agus dúirt go leor rannpháirtithe go raibh ríméad orthu go mbeidh an drámaíocht, scannáin agus an amharclannaíocht á gcur san áireamh i gcuraclam nua na sraithe sinsearaí. Nuair a ceistíodh iad maidir le struchtúr an chúrsa, chuir rannpháirtithe rogha an-láidir in iúl maidir le sonraíocht ábhair a chuireann rannpháirtíocht ghníomhach scoláirí agus *'déanamh'* chun cinn, ar nós an Cheoil nó na hEalaíne, seachas ábhar ar bhonn teoirice ina bhfuil béim ar *'fhoghlaim faoi'*.

D'aontaigh na rannpháirtithe ar fad gur ghá go mbeadh rannán maidir le bunchlocha na dtrí dhisciplín a mhúineadh sa tsonraíocht, rud a dhéanfadh eolas, mar sin, don fhoghlaim amach anseo. Thug scoláire amháin achoimre air seo leis an méid seo a leanas:

*'Mura ndéanann tú ach rudaí a bhfuil spéis agat iontu, ní bhfaighidh tú go deo léargas níos fearr ar an saol. B'fhéidir go gceapfá go bhfuil tú ag iarraidh tabhairt faoin aisteoireacht nó stiúrthóireacht ach go ndéanfá soilsiú nó feistis ansin agus go dtuigfeá go bhfuil tá an-mhaith aige. Ba cheart go mbeadh ar gach duine na bunchlocha i ngach réimse den amharclannaíocht agus den scannánaíocht a fhoghlaim.' (Scoláire dara leibhéal, grúpa fócais, aistrithe go Gaeilge)*

Luaigh go leor freagróirí gur cheart go mbeadh scoláirí ábalta glacadh le gach gné den ábhar le linn phróiseas na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe, agus go ligfí dóibh an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar réimse spéise dá gcuid a léiriú, lena n-áirítear stiúrthóireacht, ceamara a oibriú, seit, soilsiú nó dearthaí feistis a chruthú, seachas a bheith ar an stáitse amháin.

*'Bíonn formhór na scoláirí dara leibhéal atá ag déanamh machnamh ar staidéar breise sna taibhealaíona dírithe ar fhócas atá róchúng, bunaithe go minic ar an aisteoireacht amháin mar ghairm. Tá sé tábhachtach go n-osclaíonn an t-ábhar nua a smaointeoireacht i dtaca le gairmeacha sa todhchaí mar bhainisteoirí stáitse (nó bainisteoirí urláir agus stiúrthóirí cúnta), teicneoirí fuaime agus soilsithe, dearthóirí,*

*léiritheoirí, scríbhneoirí scripte.'*
*(Aighneacht scríofa, Acadamh Lír, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, aistrithe go Gaeilge)*

Mhol roinnt rannpháirtithe gur féidir an tsonraíocht a struchtúrú trí dhíriú ar an scéalaíocht inste. Tugadh míniú in aighneacht amháin ar luach an chuir chuige seo:

*'Ligfeadh sé seo don ábhar bunchlocha foghlama roinnte a chur ar fáil lena n-áirítear aisteoireacht, scríbhneoireacht scripte, dearadh amhairc, agus léiriú teicniúil. Déanfar an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm in aschur amharclannaíochta agus scannánaíochta ag leibhéal níos airde.' (Aighneacht scríofa, Acadamh Lír, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, aistrithe go Gaeilge)*

Moladh eile a rinneadh maidir le sonraíocht shoiléir a bheadh slán ó thaobh struchtúir de ná an drámaíocht a úsáid mar shnáithe aontaitheach a dhéanfadh eolas do bhealaí le scannánaíocht agus amharclannaíocht a thuiscint. Luadh freisin go mbeadh cur chuige ar bhonn téamaí éifeachtach. I measc na dtéamaí a moladh, bhí cumhacht, féiniúlacht chultúrtha, agus féiniúlacht phearsanta. I ndiaidh rannpháirteachas le gach bunghné den chúrsa, braitheadh go mbeadh sé tábhachtach go mbeadh scoláirí ábalta speisialtóireacht a dhéanamh i ngné faoi leith an chúrsa, trí thionscadal a dhéanamh sa réimse sin, mar shampla, trí radharc (don scáileán nó don amharclann) a scríobh, a stiúradh, nó a léiriú.

Cé gur fháiltigh formhór na scoláirí roimh an bhfairsinge a thiocfadh le hábhar a mbeadh léann na drámaíochta, scannán agus amharclannaíochta mar chuid de, bhraith múinteoirí, léachtóirí tríú leibhéal agus gairmithe an tionscail go bhféadfadh an baol a bheith ann go mbainfí den chaighdeán dá gcuirfí le chéile na trí dhisciplín in aon ábhar amháin agus cheistigh siad an chaoi nach mbeadh sé seo ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta.

*'...má chuirtear na hábhair seo le chéile, is é an toradh a bheidh air sin ná curaclam atá róphlódaithe, nach féidir a chríochnú taobh istigh de shraith dhá bhliain agus a bhainfeadh de chaighdeán an dá réimse ábhar [drámaíocht agus amharclannaíocht i gcoinne scannánaíochta]'.*
*(Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn, suirbhé ar líne, aistrithe go Gaeilge)*

Bhí go leor plé ann maidir le háit na teoirice agus an chleachtais sa tsonraíocht, agus bhraith an chuid is mó de na rannpháirtithe go mbeadh an-tábhacht ag baint le meascán den dá rud a bheith sa tsonraíocht agus go ndéanfaidís eolas dá chéile.

Maidir le teoiric, léirigh scoláirí spéis faoi leith i bhfoghlaim faoi stair na hamharclannaíochta agus na scannánaíochta agus faoi dhrámadóirí éagsúla thar na blianta, cé gur bhraith siad gurbh fhearr leo foghlaim cén chaoi le trácht agus critíc a dhéanamh ar obair agus a gcuid eolais agus tuisceana a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs samplaí fíorshaoil ná a bheith ag scríobh aistí fada. Agus cé gur braitheadh gur cheart an teoiric a bheith mar bhonn leis an gcleachtas agus a mhalairt, bhraith an chuid is mó gur chóir béim na sonraíochta seo a leagan ar na gnéithe praiticiúla. Mar a dúirt freagróir amháin:

*'Foghlaimímid trí rudaí a dhéanamh. Ní fiú faic a bheith ag insint dúinn cén chaoi le ceamara a oibriú nó rige soilsithe a úsáid. 'Caithfimid é a úsáid, taithí a fháil air.' (Mac Léinn Tríú Leibhéal, grúpa fócais, aistrithe go Gaeilge)*

Braitheadh gur chuid thábhachtach d'fhoghlaim na scoláirí é eolas agus tuiscint ar an tionscal agus luaigh go leor daoine an tábhacht a bhaineann le foghlaim agus teagasc faoi na gnéithe praiticiúla a bhaineann le hobair i dtionscail na hamharclannaíochta agus na scannánaíochta.

*Go hidéalach, ba cheart foghlaim faoi fhairsinge ról agus réimse na gconairí a bheith mar chuid den churaclam. Tá tábhacht ag baint leis an teachtaireacht nach do dhaoine cruthaitheacha ar nós scríbhneoirí agus stiúrthóirí amháin tionscal an scáileáin. Tá réimse leathan ról ann nach bhfuil eolas ag scoláirí orthu b'fhéidir, lena n-áirítear airgeadas, lóistíocht, riarachán, agus róil éagsúla criú.' Aighneacht scríofa a aistríodh go Gaeilge (Fís Éireann)*

Maidir le nádúr eispéireasach an ábhair, leag líon suntasach rannpháirtithe an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann le deis a thabhairt do scoláirí taithí a fháil ar an drámaíocht, scannánaíocht agus amharclannaíocht ar bhealach barántúil. Braitheadh go mbeadh cuairteanna amharclannaíochta an-tábhachtach; léirithe a fheiceáil chomh maith le deis a fháil páirt a ghlacadh i léiriú amaitéarach nó gairmiúil. Bhraith roinnt gairmithe an tionscail go mbainfeadh scoláirí an-leas as bheith ag obair le gnólachtaí scannánaíochta agus amharclannaíochta ina bpobal áitiúil.

## Scileanna a fhorbairt agus foghlaim chomhoibríoch

*'Ba cheart go leagfaí béim ar fhorbairt scileanna seachas ar scileanna atá ann cheana féin' (Scoláire dara leibhéal, grúpa fócais, aistrithe go Gaeilge)*

Síleadh go bhfuil an gá le scileanna inaistrithe a fhorbairt riachtanach san ábhar seo, agus leagadh béim faoi leith ar scileanna smaointeoireachta criticiúla, réiteach fadhbanna, comhoibrithe/obair i gcomhair le daoine eile, machnaimh agus cruthaitheachta.

Shíl go leor rannpháirtithe gur scil í an smaointeoireacht chriticiúil is gá a chothú sna daoine óga ar fad, mar is scil í atá an-tábhachtach sna tionscail chruthaitheacha agus ealaíonta. Braitheadh chomh maith gur féidir leis an ábhar seo cabhrú le scoláirí forbairt ina ndaoine fásta atá feasach go criticiúil maidir lena léann siad, a bhfeiceann siad, a mbreathnaíonn siad air, agus a léiríonn siad. Chonaic roinnt rannpháirtithe deiseanna d'fhorbairt na smaointeoireachta criticiúla agus na scoláirí ag foghlaim cén chaoi le freagairt do agus anailís a dhéanamh ar mhíreanna drámaíochta, scannánaíochta agus amharclannaíochta agus mhol daoine eile gurb é an bealach is fearr le scileanna a fhorbairt ná nuair a bhíonn scoláirí ag tabhairt faoi '*dhéanamh*' go gníomhach. Aithníodh gur scil a bhaineann leis an smaointeoireacht chriticiúil í litearthacht sna meáin agus braitheadh gur cheart, leis an ábhar seo, an deis a thabhairt do scoláirí an scil seo a fhorbairt.

*'Is scil riachtanach í litearthacht sna meáin san 21ú haois, agus is bunús maith dó seo é an cumas scannán a léamh trí lionsa teoiriciúil...Le bheith i ndáiríre liteartha*

*sna meáin is gá tuiscint fhorbairt ar luach, critíc agus léiriú'*
*(Emergent Limerick Filmmakers, suirbhé ar líne, aistrithe go Gaeilge)*

Luadh réiteach fadhbanna sa phlé freisin. Nuair a rinneadh cur síos ar an mbua seo sa seomra ranga drámaíochta, luaigh múinteoir amháin an tábhacht a bhaineann le scileanna réitithe fadhbanna:

*'Tá réiteach fadhbanna ar cheann de na scileanna tábhachtacha. Is cuimhin liom réamhléirithe feistis nuair nach n-oibreodh an soilsiú chomh maith agus a cheapamar agus bhíodh orainn é a athrú. Caithfidh scoláirí a bheith ábalta freagairt do rudaí mar sin agus rudaí a chur in oiriúint.'*
*(Múinteoirí i gcomhairliúchán poiblí, grúpa fócais, aistrithe go Gaeilge)*

Síltear go bhfuil an-tábhacht ag baint le scileanna comhoibrithe agus obair le daoine eile don ábhar seo, agus dúirt an-chuid go bhfuil na scileanna seo i gcroílár thionscal na scannánaíochta agus na hamharclannaíochta. Measadh, mar sin, gur cheart go mbeadh na scileanna seo le brath sna torthaí foghlama sa tsonraíocht, san oideolaíocht ranga, san obair thionscadail, agus i ngach saghas measúnaithe.

Leag formhór mór na rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna a bheith ag scoláirí a gcuid scileanna machnaimh a úsáid agus feabhas a chur orthu, ag cur leis an scil seo ó tugadh isteach sna hábhair ag leibhéal na sraithe sóisearaí é. Braitheadh gur bhealach an-éifeachtach a bheadh i bpunanna nó 'Leabhar Nótaí Stiúrthóra' a úsáid chun deis a thabhairt do scoláirí machnamh fiúntach a dhéanamh agus freagairt ar bhealach aonair do thascanna comhoibrithe nó grúpa. Mar a luadh in aighneacht scríofa amháin:

*'ba cheart an bhéim i dtionscadail phraiticiúla a leagan ar an bpróiseas agus ní ar an toradh... [agus] ba cheart do ualú suntasach den mheasúnú a bheith bunaithe ar an bhfoghlaim agus an machnamh ar thionscadail chomhoibrithe, rud a thiocfadh leis an gcineál oibre a bhíonn le déanamh i dtionscal na scannánaíochta' (Aighneacht scríofa, Fís Éireann, aistrithe go Gaeilge)*

## Acmhainní agus cumas

Ar an iomlán, tugadh an-aitheantas do na deiseanna agus na dúshláin a bhainfidh leis an ábhar nua seo. Measadh go raibh acmhainneacht, cumas, agus forbairt ghairmiúil múinteoirí riachtanach do chur i bhfeidhm rathúil na sonraíochta seo.

Bhraith formhór na rannpháirtithe go mbeadh sé tábhachtach go gcuirfí spás tiomanta feiliúnach ar fáil sa scoil d'fhoghlaim agus teagasc an ábhair seo, ar nós na n-ábhar praiticiúil eile amhail na hEalaíona, Ceol, agus Eacnamaíocht Bhaile. Cé gur aontaigh go leor rannpháirtithe gurbh é an bunriachtanas a bhainfeadh le foghlaim agus teagasc na drámaíochta agus na hamharclannaíochta ná "bosca dubh" (spás saor ó bhoird agus cathaoireacha a mbeadh dóthain spáis ann chun bogadh timpeall agus fuaim a dhéanamh), bhraith daoine eile go mbeadh rige soilsithe agus córas fuaime tábhachtach freisin. Shíl roinnt rannpháirtithe nach raibh spás chomh tábhachtach sin don

drámaíocht agus don amharclannaíocht agus cineálacha níos eispéireasaí amharclannaíochta ag teacht chun cinn sa nua-drámaíocht:

> *'Bíonn an nua-amharclannaíocht ar siúl i seanbhóithigh, i dtolláin. Ní bhíonn an stuif sin ar fad ag teastáil. Oibríonn na daoine air le chéile agus cruthaíonn siad rud éigin. Baineann sé le léiriú rud éigin seachas rud éigin foirfe' (Mac léinn tríú leibhéal, grúpa fócais, aistrithe go Gaeilge)*

Aontaíodh go dteastóidh níos mó acmhainní d'fhoghlaim agus teagasc na scannánaíochta ná mar a bheidh don drámaíocht agus amharclannaíocht, cosúil le trealamh cuí scannánaíochta, táibléid/ríomhairí agus bogearra eagarthóireachta. Braitheadh go láidir freisin go mbeidh gá le rochtain ar sheirbhísí sruthaithe ionas go bhfaighidh na scoláirí taithí ar léirithe éagsúla scannánaíochta agus amharclannaíochta. Braitheadh go mbainfeadh an-tábhacht le rochtain ar scripteanna agus ar bhunachar sonraí amharclannaíochta agus rinne roinnt múinteoirí agus gairmithe tionscail moltaí maidir le hacmhainní íoctha/ bunaithe ar shíntiús agus acmhainní saor in aisce atá ar fáil go forleathan.

Luadh freisin go mbeadh naisc leis an bpobal ina dtacaíocht agus ina n-acmhainn iontach do chur i bhfeidhm an ábhair, agus gur cheart do scoileanna fiosrú maidir le caidrimh a fhorbairt idir an amharclann áitiúil agus gnólachtaí scannán agus an tionscal amharclannaíochta/scannánaíochta go ginearálta.

Mar gheall go ndúirt formhór na múinteoirí nach bhfuil an saineolas cuí acu i gceann amháin de na trí réimse ar a laghad (gnéithe praiticiúla na scannánaíochta go hiondúil), bhraith go leor acu go mbeidh oiliúint agus tacaíocht chuí riachtanach má bheidh an t-ábhar le soláthar go cumasach agus go muiníneach. Leag líon ard rannpháirtithe béim freisin ar an tábhacht a bhaineann leis an oiliúint a bheith á cur ar fáil ag saineolaithe an tionscail, agus cothromaíocht chuí a bheith ann idir na gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla le linn na forbartha gairmiúla seo.

Maidir le cumas, moladh freisin go dtabharfaí deis do mhúinteoirí drámaíochta cáilithe atá ag múineadh na drámaíochta mar ábhar seach-churaclaim trí scoileanna drámaíochta oiliúint a fháil agus cáiliú mar mhúinteoirí an ábhair.

## Measúnú Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta.

Léiríodh go leor tacaíochta do réimse leathan gnéithe measúnaithe le linn an chomhairliúcháin. Seo a leanas roinnt de na moltaí:

- Obair thionscadail ar nós tionscadal taighde
- Ceapadh agus roinnt oibre, trí mheán léirithe nó obair sa chúlra
- Measúnú ar stíl béaltrialach/viva
- Cruthú punainne nó 'Leabhar Nótaí Stiúrthóra'
- Scrúdú scríofa.

Bhraith formhór na rannpháirtithe go láidir gur cheart don tsonraíocht deis a thabhairt do na scoláirí a bheith ag plé le teoiric agus cleachtas na drámaíochta, na scannánaíochta, agus na

hamharclannaíochta, agus béim níos mó ar mheasúnú na ngnéithe praiticiúla, rud a chiallaíonn nach mbeadh scrúdú scríofa ina mhórchuid den mheasúnú.

Braitheadh freisin gur cheart don mheasúnú deis a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí aonair nó grúpa, de réir mar is cuí, cé go raibh dearcthaí éagsúla ann maidir leis na bealaí is fearr le tabhairt faoi seo. Cé go ndúirt múinteoirí, scoláirí, mic léinn tríú leibhéal agus gairmithe an tionscail gur bua é féidearthacht an chomhoibrithe, bhí tuairimí measctha ann maidir leis an mbealach is feiliúnaí le gníomhaíochtaí comhoibritheacha a bheadh mar chuid den mheasúnú a dhéanamh. Dúirt roinnt scoláirí agus múinteoirí gur mhaith leo rud éigin a dhéanamh a bheadh cosúil leis an measúnú i scrúdú praiticiúil (taibhiú) Ceoil na hArdteistiméireachta, is é sin, gurbh fhéidir le scoláirí páirt a ghlacadh i dtaibhiú grúpa ach go ndéanfaí iad a mheasúnú ar bhonn aonair.

Rinneadh roinnt plé maidir le cé acu de na gnéithe measúnaithe ba cheart a dhéanamh sa seomra ranga/suíomh scoile. Braitheadh gurbh é an bealach ab fheiliúnaí le hobair phraiticiúil a mheas ná trína ligean do na scoláirí a gcuid foghlama a 'thaispeáint'. Braitheadh go mbeadh gearrscannáin nó gearrdhrámaí a chruthú ina bhealach lena ligean do na scoláirí obair le chéile ach freagrachtaí aonair a bheith acu fós féin amhail pleanáil, scríobh, taibhiú, stiúradh, léiriú, dearadh, nó baint a bheith acu le gnéithe teicniúla ar nós seit, soilsiú, fuaime, agus feisteas.

Rinne roinnt freagróirí plé freisin ar rogha tionscadal taighde a dhéanamh, rud a ligfeadh do scoláirí taighde a dhéanamh agus a chur i láthair (ó bhéal nó i scríbhinn) ar shaothar, mar shampla, drámadóirí, stiúrthóirí, scríbhneoirí scripte.

Maidir leis an measúnú scoilbhunaithe, d'aontaigh go leor scoláirí agus múinteoirí go mbeadh siad níos compordaí leis seo ach bhraith siad go mbeadh sé tábhachtach go mbeadh duine seachtrach ann le modhnóireacht a dhéanamh ar phróiseas an mheasúnaithe. Tugadh le fios go bhféadfaí léirithe a thaifeadadh ar mhaithe leis an modhnóireacht sheachtrach, a d'fhéadfadh tarlú níos déanaí. Tugadh le fios freisin go bhféadfadh cineál measúnaithe béil tarlú sa scoil agus go bhféadfaí taifeadadh a dhéanamh air seo ar mhaithe le modhnóireacht. Samhlaíodh go bhféadfadh comhrá agus/nó machnamh maidir leis an méid a d'fhoghlaim an scoláire ó phróiseas saothar nó tionscadal a raibh sé/sí páirteach ann a dhéanamh a bheith mar chuid den scrúdú béil.

Agus an scrúdú deiridh á phlé, rinneadh roinnt moltaí maidir le modhanna féideartha measúnaithe. Dúirt roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh sé seo deis a thabhairt do scoláirí a gcumas critic a dhéanamh ar phíosa oibre a léiriú ar bhealach an-phraiticiúil.

> *'An bhféadfaidís breathnú ar radharc ó scannán nó ó dhráma don scrúdú agus freagra a thabhairt air. Thabharfadh sé seo deis do scoláirí tarraingt ar an taithí theoiriciúil agus phraiticiúil atá acu agus athbhreithniú a dhéanamh air nó trácht ar ghnéithe áirithe.'*
> *(Scoláire dara leibhéal, grúpa fócais, aistrithe go Gaeilge)*

Rinne trácht ó chompántas amharclannaíochta achoimre ar na príomhphointí a bhfuil machnamh le déanamh orthu maidir le measúnú a dhéanamh ar ábhar praiticiúil:

> *'Ba é an scrios ba mhó a bhraith mé in Iarthar na hAstráile go raibh na measúnuithe ar fad sa chúrsa bunaithe ar obair ghrúpa, más ceapadh nó scriptiú a bhí i gceist,*

*ach ba thasc aonair an scrúdú léirithe deiridh. Bhraith mé i gcónaí go raibh sé sin aisteach, chaith scoláirí 5 bliana ag foghlaim cén chaoi le comhoibriú agus obair le chéile agus i ndeireadh na dála, tabhairt faoi scrúduithe deiridh ina n-aonair, rud a mbaineann sraith scileanna iomlán difriúil leis.'*
*(Freagróir suirbhé, Compántas Amharclannaíochta Barnstorm, aistrithe go Gaeilge)*

## Tráchtanna ábhartha eile

Rinneadh roinnt tráchtanna maidir le ról agus úsáid téacsanna ar an gcuraclam, agus luaigh roinnt rannpháirtithe go mbeadh sé an-tábhachtach a bheith ag foghlaim an dóigh le réimse de théacsanna stairiúla agus nua-aimseartha a thuiscint, a mheas, agus a anailísiú. Léirigh roinnt rannpháirtithe imní maidir leis seo, agus luadh nár chóir go mbeadh an iomarca béime ar staidéar liteartha téacsanna mar bíonn deis ag scoláirí cheana féin tabhairt faoi seo agus dul faoi mheasúnú i dtaca lena dtuiscint atá ar théacsanna i gcúrsa Béarla na hArdteistiméireachta. Bhraith rannpháirtithe eile, dá mbeadh liosta téacsanna le leagan amach, le moladh, nó ar fáil mar shamplaí, gur chóir go mbeadh sé cuimsitheach agus go mbeadh réimse seánraí i gceist leis, d'fhonn rogha an mhúinteora agus an scoláire a éascú.

Luaigh roinnt rannpháirtithe freisin an tábhacht a bhainfeadh le cláir faisnéise agus drámaí raidió a chur isteach, agus luadh gur chineálacha bailí scannáin agus drámaíochta iad, faoi seach.

*'Céard faoi chláir faisnéise nó drámaíocht raidió? Is breá liomsa iad agus bheinn ag iarraidh staidéar a dhéanamh orthu. Tá siad bailí mar scannáin nó mar dhrámaí stáitse.' (Scoláire dara leibhéal, grúpa fócais, aistrithe go Gaeilge)*

I dtaca le téacsanna, léiríodh imní go bhféadfadh trasnaíl a bheith i gceist idir Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta agus ábhair eile Ardteistiméireachta ar nós Béarla, Gaeilge, Léann Clasaiceach agus Sean-Ghréigis agus Laidin. Braitheadh gur ceist thábhachtach í an Ghaeilge sa tsonraíocht seo. Bhraith roinnt rannpháirtithe go mbeadh sé tábhachtach téacsanna Gaeilge a chur isteach agus gur gné é sin a mbeidh an machnamh cuí le déanamh uirthi. Tarraingíodh aird san aiseolas freisin ar an iliomad deiseanna maoinithe atá ar fáil don amharclannaíocht agus do léirithe scannán Gaeilge nach n-úsáidtear go minic mar gheall ar easpa saineolais nó feasachta ar an réimse.

Luadh freisin gur fir amháin a bhí sna stiúrthóirí a luadh sa Cháipéis Eolais agus bhíothas ag súil leis go mbeadh an tsonraíocht níos ilchineálaí agus ionchuimsithí ina thaobh seo.

# Cuid a trí: Príomhthorthaí d'fhorbairt ábhair

Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin go bhfáiltítear roimh fhorbairt Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta, go bhfuil sé tráthúil, agus go dtugann an Cháipéis Eolais agus an Treoir le haghaidh forbairt an ábhair léargas cuimsitheach ar na ceisteanna a mbeidh ar an Meitheal Forbartha machnamh a dhéanamh orthu. Aithnítear sa chuid seo den tuarascáil roinnt príomhthorthaí d'fhorbairt an ábhair agus iad ag eascairt as an gcomhairliúchán.

## Scóip agus struchtúr

Beidh ar an Meitheal Forbartha sonraíocht atá soiléir agus maith ó thaobh an struchtúir de a chruthú, sonraíocht a dhéanann iarracht gnéithe na drámaíochta, na scannánaíochta agus na hamharclannaíochta a fhí le chéile, agus fairsinge agus doimhneacht chuí an ábhair agus an dúshláin a chinntiú. Trí seo a dhéanamh, beidh machnamh le déanamh ar an gcothromaíocht idir teoiric agus cleachtas, chomh maith leis na bealaí inar féidir le scoláirí foghlaim faoi na conairí agus deiseanna éagsúla atá ar fáil laistigh de na tionscail seo.

Beidh ar an Meitheal Forbartha machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtabharfaidh na torthaí foghlama deiseanna do scoláirí a bheith rannpháirteach leis an bpobal áitiúil mar bhealach le comhoibriú barántúil agus tuiscint ar earnáil na healaíne agus na cruthaitheachta a spreagadh.

## Deiseanna le haghaidh forbairt scileanna agus foghlaim chomhoibríoch:

Ba cheart, leis na torthaí foghlama a leagtar amach sa tsonraíocht nua, deiseanna a thabhairt do scoláirí scileanna smaointeoireachta criticiúla, réitithe fadhbanna, comhoibrithe, machnaimh agus cruthaitheachta a fhorbairt, chomh maith lena iarraidh ar scoláirí an t-eolas agus tuiscint seo a chur i bhfeidhm ar bhealach fiúntach, feasacht chriticiúil a fhorbairt, agus a bheith rannpháirteach i meastóireacht de réir mar is cuí. Ba cheart go mbeadh deis ag scoláirí a thugann faoi Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta réimse leathan scileanna a fhorbairt atá ábhartha dá saol laethúil, do shaol na hoibre, do bhreis staidéir agus oiliúna agus don obair i ndomhan dinimiciúil na hamharclannaíochta, na scannánaíochta agus na drámaíochta, domhan a bhíonn ag athrú de shíor.

## Measúnú

Cruthaíonn dearadh na ngnéithe measúnaithe i Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta ag an Ardteist féidearthacht shuntasach don ábhar. Beidh ar an Meitheal Forbartha machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le measúnú a dhéanamh ar dhisciplíní éagsúla laistigh den ábhar, agus dóthain solúbthachta a fhágáil ionas gur féidir le scoláirí díriú ar réimse faoi leith spéise. Beidh measúnú ar ghnéithe teoiriciúla agus praiticiúla na sonraíochta seo, chomh maith le ról na hoibre comhoibrithí agus aonair ina gceisteanna tábhachtacha do dhearadh an mheasúnaithe. Má thugtar aird chuí ar na gnéithe thuas, tacóidh forbairt gnéithe measúnaithe bailí, iontaofa agus cothrom leis na scoláirí maidir lena dtuiscint ar an amharclannaíocht, scannánaíocht agus drámaíocht a léiriú agus na scileanna praiticiúla atá forbartha acu a úsáid.

# Tátal agus na chéad chéimeanna eile

Ghin an comhairliúchán maidir leis an gCáipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta plé saibhir agus fuarthas aiseolas úsáideach agus stuama ó pheirspictíochtaí éagsúla. Léirigh caighdeán na bhfreagraí ar an gcomhairliúchán rannpháirtíocht shuntasach leis an gCáipéis Eolais agus léiríonn na tuairimí stuama agus machnamhacha an spéis agus an tacaíocht shuntasach atá ann maidir le Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach mar ábhar nua sa tsraith shinsearach.

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sna grúpaí fócais, a chomhlánaigh an suirbhé ar líne, nó a scríobh aighneacht. Ar a bharr sin, tá CNCM an-bhuíoch de na ceannairí scoile a d'éascaigh do na múinteoirí páirt a ghlacadh in imeachtaí grúpaí fócais agus díobh siúd ar fad a thacaigh le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar na tuairimí agus dearcthaí a léiríodh le linn an phróisis comhairliúcháin. Tabharfaidh na torthaí a léiríodh sa tuarascáil treoir agus stiúir don Mheitheal Forbartha a tugadh le chéile le déanaí le tabhairt faoi shonraíocht nua a fhorbairt do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta. Leanfaidh an Mheitheal Forbartha seo dá cuid oibre, a mbeidh na torthaí a leagadh amach sa tuarascáil seo mar bhonn léi, agus síltear go mbeidh dréachtshonraíocht churaclaim ar fáil do chomhairliúchán poiblí sa tríú ráithe de 2023.

# Tagairtí


An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022) Plean Straitéiseach 2022-2025 ar fáil ag https://ncca.ie/media/5517/plean-straiteiseach-2022-2025.pdf [faighte 2 Samhain 2022]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020) Beartas Cosanta Sonraí ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4810/ncca-data-protection-policy_ga.pdf [faighte 3 Samhain 2022]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) Straitéis Taighde ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4640/cncm_straitéis_taighde_2019-2021.pdf [faighte 4 Samhain 2022]

# Aguisín A

Mar chuid den chomhairliúchán don Cháipéis Eolais agus Treoir maidir le Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta, theastaigh ó na heagraíochtaí seo a leanas go n-aithneofaí iad i gcomhthéacs eagraíochta a d'fhreagair an suirbhé ar líne:

- Pobalscoil Ghaoth Dobhair
- The Department of Theatre
- Lightbulb Youth Theatre
- Emerging Limerick Filmmakers
- Compántas Amharclannaíochta Barnstorm
- North Presentation Secondary School
- Young Irish Film Makers CLG
- Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- Roinn Léann na Meán agus na Cumarsáide, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- Pam Golden Drama
- Coláiste Lorcáin
- Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann
- Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn (ADEI)
- Roinn Léann na Meán agus na Cumarsáide, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh
- Coláiste Ard Feá
- National Talent Academy for Animation

Le linn an chomhairliúcháin, fuarthas deich n-aighneacht scríofa ó na grúpaí agus eagraíochtaí seo a leanas:

- COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta)
- Coláiste Choilm, Corcaigh
- Roinn Léann na Meán agus na Cumarsáide, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh
- Derrada Drama School
- An Dr Fiona Brennan, Staraí agus Taighdeoir Amharclannaíochta
- Institiúid Scannán na hÉireann (thar ceann Institiúid Scannán na hÉireann; Tuiscint ar na Meáin, Éire; IADT; Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath; Roinn na Scannánaíochta agus na Meán Scáileáin, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Ealaíona Cruthaitheacha agus na Meáin, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh; Fresh Film; Scannánóirí Óga na hÉireann; First Cut Youth Fil [sic] Festival & Cork Young Filmmakers Programme; Scoil Scannán & Meán Digiteach Huston, Ollscoil na Gaillimhe; Údaráis Craolacháin na hÉireann),
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM)
- Fís Éireann,
- The Lir, Acadamh Náisiúnta na Drámaíochta ag Coláiste na Tríonóide,
- Creative Futures Academy/ Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíocht Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment